


Treoracha

Cuir an dá leagan de na dathanna príomhúla ('Rós Seasmhach', 'Dearg Caidmiamach', 'Buí Caidmiamach Domhain', 'Buí Caidmiamach Éadrom', 'Gorm Cerulean' agus 'Gorm Ultramairín' in a gcuid spásanna sa chiorcal lasmuigh, a thaispeánann dathanna láidre (is féidir dathanna eile a úsáid ina n-ionad, mar shampla d'fhéadfá 'Vermillion' a úsáid in ionad 'Dearg Caidmiamach'). Measc na dathanna táinisteacha as na dathanna príomhúla **in aice leo**, ag athrú an mhéad de gach dath mar is ceart (mar shampla déan 'Meascán Uaine buí' as 'Buí Caidmiamach Éadrom' agus 'Gorm Cerulean' le níos mó buí agus píosa beag goirm, ach déan 'Meascán Uaine goirme' as na dathanna príomhúla **céanna** ach le níos mó goirm agus níos lú buí.

Tá leaganacha níos dorcha de na dathanna céanna sa chiorcal laistigh. Is féidir úsáid a bhaint as **ceachtar** den dath comhlántach (mar shampla, dorchaigh Dearg Caidmiamach le píosa beag de do Mheascán Uaine goirme, nó leis na comhábhair atá ann - Buí Caidmiamach Éadrom agus Gorm Cerulean) **nó** as dubh, chun iad a dhorchú (i gcás buí, caithfear píosa beag Rós Seasmhach a chur leis ionas nach mbeidh dealramh glais air, agus i gcás Rós Seasmhach caithfear píosa beag Buí Caidmiamach Éadrom a chur leis ionas nach mbeidh dealramh corcaghoirm air).

Cuir meascán de na dathanna príomhúla (déanta as 'Dearg Caidmiamach', 'Buí Caidmiamach Éadrom' agus 'Gorm Ultramairín') sa lár, nó bain úsáid as dubh (mar shampla Dubh Mars).



Treoracha

Cuir leaganacha níos báine de gach dath in a gcuid spásanna sa chiorcal lasmuigh. Má tá tú ag baint úsáid as dathanna aicrileacha nó oladhathanna nó guais, cuir dath bán (mar shampla 'Bán Titanium') leo chun iad a bhánú.. Má tá tú ag baint úsáid as uiscédhathanna, cuir tuilleadh uisce leo chun iad a lagú. Moltar do dhaoine go ndéantar na dathanna seo réasúnta geal, ionas go mbeidh difríocht suntasach idir an dá chiorcal. Is féidir na dathanna eadroma seo a dhéanamh nuair atá tú ag déanamh an chéad chiorcal, ionas nach mbeidh ort iad a mheascadh arís.

Cuir leaganacha níos dorcha de ghach dath sa chiorcal laistigh. Beidh bán i ngach meascán freisin. Is féidir úsáid a bhaint as **ceachtar** den dath comhlántach, **nó** as dubh, chun iad a dhorchú. Beidh na dathanna seo go léir ina leaganacha de liath, ach beidh lorg fós den dath é féin (atá ar an gchiorcal lasmuigh) le feiceáil.

Cuir dath liath sa lár. Is féidir an dath seo a dhéanamh as meascán de na dathanna príomhúla (déanta as 'Dearg Caidmiamach', 'Buí Caidmiamach Éadrom' agus 'Gorm Ultramairín') agus bán, **nó** as dubh agus bán (le huiscedhathanna, cuir tuilleadh uisce leo chun iad a lagú).